Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0029

Leasú a dhéanamh ar an Treoir maidir le hUirlisí Tomhais

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2026 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/32/AE a mhéid a bhaineann le trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha, dáileoirí gáis chomhbhrúite agus méadair fuinnimh leictreachais, gháis agus theirmigh (COM(2024)0561 – C10-0205/2024 – 2024/0311(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2024)0561),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0205/2024),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 22 Eanáir 2025[1],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach, agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 26 Samhain 2025 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach

[1] IO C, C/2025/1192, 21.3.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/1192/oj.

agus um Chosaint an Tomhaltóra (A10-0173/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P10_TC1-COD(2024)0311

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Feabhra 2026 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2026/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/32/AE a mhéid a bhaineann le córais tomhais i gcomhair trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha agus dáileoirí gáis chomhbhrúite, agus méadair leictreachais, gháis agus fuinnimh theirmigh

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Treoir (AE) 2026/706.)